National Traveller Accommodation
Consultative Committee
An Coiste Comhairleach Náisiúnta
um Chóiríocht don Lucht Siúil

Tuarascáil Bhliantúil 2007

Teach an Chustaim
Baile Átha Cliath 1
Teileafón: (01) 888 2121
Lóghlao: 1890 20 20 21
Facs: (01) 888 2619
email: ntacc@environ.ie

An chéad chruinniú den tríú CCNCLS, an 5ú Márta 2007.
(C go D): Joe Horan, Jackie Maguire, Martin Collins, Veronica Sharkey, Séamus Ó Cinnéide (Cathaoirleach, An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil), Rose Marie Maughan, An tAire Noel Ahern T.D., Maria Joyce, Séamus O'Connor, Aidan Brannigan, Jim Ganley

Grianghraf: Maxwell Photography

Clár

1.	**Focal ón gCathaoirleach**	**4**
2.	**Eolas Ginearálta**	**6**
	Bunú	6
	Téarmaí Tagartha	6
	Comhaltaí an Choiste	7
	Tuarascáil Bhliantúil an Choiste	7
	Cruinnithe	7
3.	**Achoimre ar Phríomhghníomhaíochtaí**	**9**
	Grúpa Oibre ar Chóiríocht Neamhbhuan	9
	Seimineáir Náisiúnta maidir le Feidhmiú na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil	9
	Cláir Chóiríochta don Lucht Siúil – Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn	9
	Ról comhlachtaí deonacha ó thaobh soláthar Cóiríochta don Lucht Siúil	10
	Soláthar leictreachais chuig láithreáin stad	10
	Cóiríocht na nÚdarás Áitiúil don Lucht Siúil sa bhliain 2007	10
	Grúpa Oibre Comhairleach	11
	Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil	11
4.	**Airgeadas**	**13**
5.	**Aguisíní**	**14**
	Aguisín I Cóiríocht a cuireadh ar fáil sa bhliain 2006	14
	Aguisín II Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil sa bhliain 2006	20

Focal ón gCathaoirleach

Cathaoirleach - Séamus Ó Cinnéide

Is mór an onóir dom naoú Tuarascáil Bhliantúil Choiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil a chur faoi bhráid an Aire do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach. Clúdaítear an chéad bhliain (2007) a bhí ag an tríú Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil sa tuarascáil seo, coiste ar cuireadh tús lena théarma oifige go luath sa bhliain.

D'ainneoin gur comhaltaí nua is mó atá ar an gcoiste chuaigh an coiste i mbun oibre ar an bpointe i ndiaidh an chéad chruinnithe i mí na Márta 2007. Bhí ceithre chruinniú eile acu sa bhliain 2007 agus ina theannta sin thaistil siad go Tiobraid Árann Theas áit ar chas siad le Lucht Siúil na háite agus thug siad cuairt ar chineálacha éagsúla de chóiríocht shonrach don Lucht Siúil. D'athbhunaigh an Coiste chomh maith líon áirithe grúpaí oibre lena n-áirítear iad siúd a bhíonn ag déileáil le comhairliúchán agus le soláthar na cóiríochta buaine.

Áiríodh iad seo a leanas ar an raon leathan de shaincheisteanna a pléadh ag cruinnithe an Choiste: monatóireacht ar an dara Clár Cóiríochta don Lucht Siúil, soláthar leictreachais chuig láithreáin stad, an fhéidearthacht ról Comhlachtaí Deonacha a leathnú amach ó thaobh soláthar cóiríochta don Lucht Siúil de agus seimineáir a mholadh le haghaidh Coistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil. Táthar ag súil go ndéanfar tuilleadh dul chun cinn ar na saincheisteanna seo go léir le linn 2008.

Taispeántar sa Chomhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil 2007, a rinneadh ar an 30ú Samhain 2007, go bhfuil an t-ardú bliain ar bhliain ag tarlú fós i líon na dTeaghlach den Lucht Siúil sa Stát, ardú a tugadh faoi deara i mblianta roimhe seo. B'ionann agus 8,099 an líon teaghlach den Lucht Siúil a bhí i gcomhaireamh mhí na Samhna 2007, ardú de 408 teaghlach ar an bhfigiúr céanna sa bhliain 2006. D'ainneoin an ardaithe seo i líon iomlán na dteaghlach tháinig laghdú beag ó 629 sa bhliain 2006 go 594 sa bhliain 2007 ar an líon teaghlach a bhí ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe. Cé gur beag an laghdú é cuirtear fáilte faoi leith roimhe mar sin féin ó tharla gur sa bhliain 2006 a léiríodh an chéad ardú san fhigiúr

seo ón mbliain 1999. D'ainneoin sin is uile tá aird le tabhairt go práinneach ar shaoráidí buana a sholáthar do na teaghlaigh siúd den Lucht Siúil atá ina gcónaí ar láithreáin neamhúdaraithe.

Léiríodh i gComhaireamh Bliantúil na Bliana 2007 go raibh ardú i mbeagnach gach réimse den soláthar cóiríochta. Is suntasach an t-ardú a tharla i líon measta de Theaghlaigh den Lucht Siúil atá ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos - ardú 208 go 1,143 teaghlach san iomlán. Is beagnach, mar sin féin, gurb í an chomhréir chéanna de Theaghlaigh den Lucht Siúil atá i ngach ceann de na cineálacha cóiríochta agus a bhí sa bhliain 2007 nuair a mheastar an t-ardú foriomlán a tháinig ar Theaghlaigh den Lucht Siúil.

Is mian liomsa, agus mé i mo Chathaoirleach ar an tríú Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil, mo bhuíochas a chur in iúl as an gcabhair agus an tacaíocht a thug daoine aonair agus eagraíochtaí seachtracha don Choiste, cabhair agus tacaíocht ar a mbraitheann an Coiste le go bhfeidhmeoidh sé go héifeachtach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Noel Ahern, T.D., an tAire do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach a bhí in oifig le linn 2007 agus leis an Uasal Batt O'Keefe, T.D. a thug an-tacaíocht d'obair an Choiste le linn na bliana. Chuir foireann an Aonaid um Chóiríocht don Lucht Siúil sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil seirbhísí riaracháin agus rúnaíochta ar fáil don Choiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil. Ba mhaith liom thar ceann an tríú Coiste mo bhuíochas a ghlacadh leosan agus leo siúd go léir a chabhraigh leis an gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil feidhmiú go héifeachtach le linn 2007.



Séamus Ó Cinnéide
Cathaoirleach

Eolas Ginearálta

Bunú

Bunaíodh an Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil ar bhonn reachtúil ar an 29 Aibreán 1999 faoi alt 19 agus 20 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998. Ceapadh an tríú Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil ar an 31 Eanáir 2007 agus rachaidh a théarma oifige in éag ar an 30 Eanáir 2010.

Téarmaí Tagartha

Is iad seo a leanas Téarmaí Tagartha an Choiste:-

Comhairle a thabhairt don Aire

- i ndáil le haon ní ginearálta a bhaineann le cóiríocht don Lucht Siúil;
- i ndáil le haon ní a tharchuirfidh an tAire chuige;
- i ndáil leis na bearta is mó is cuí chun feabhas a chur, ag an leibhéal áitiúil, ar chomhchomhairle leis an Lucht Siúil agus rannpháirteachas an Lucht Siúil nuair a bhíonn cóiríocht á cur ar fáil agus á bainistiú;
- i ndáil le nithe ginearálta a bhaineann le hullmhú, le leordhóthanacht, le cur i ngníomh agus le comhordú clár cóiríochta don Lucht Siúil.

Comhaltaí an Choiste

Thosaigh téarma oifige an tríú Coiste ar an 31 Eanáir 2007. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste mar a bhí le linn 2007:

An tOllamh Séamus Ó Cinnéide	Cathaoirleach
An tUas. Aidan Brannigan[1]	Ainmní an Aire
An tUas. Martin Collins	Ionad Pavee Point don Lucht Siúil
An Comh. Emer Costello	Cumann Comhairlí Contae is Cathrach
An tUas. Jim Ganley	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
An tUasal Joe Horan	Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae
Maria Joyce, Uas.	Fóram Náisiúnta do Mhná an Lucht Siúil
Jackie Maguire Uas.	Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach

Rose Marie Maughan Uas.	Gluaiseacht Lucht Siúil na hÉireann
An tUas. Séamus O'Connor	Ainmní an Aire
An Comh. Veronica Sharkey	Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann
An tUas. Brendan Sheehy	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí
An tUas. Eugene J. Doyle	Rúnaí an Choiste

1 D'éirigh an tUasal Brannigan as an gCoiste ar an 26 Deireadh Fómhair 2007. Ní raibh an folúntas a cruthaíodh de bharr an éirí as líonta faoin 31 Nollaig 2007.

Tuarascáil Bhliantúil an Choiste

Ordaíonn Alt 19 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 go ndéanfaidh an Coiste tuarascáil bhliantúil a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire do Thithíocht agus Athnuachan Uirbeach maidir lena ghníomhaíochtaí agus cuirfidh an tAire faoi deara cóipeanna den tuarascáil sin a leagan faoi bhráid dá Theach an Oireachtais. Is í tréimhse idir an 31 Eanáir 2007 agus an 31 Nollaig 2007 a chlúdaítear sa Tuarascáil seo.

Cruinnithe

Tionóladh cúig chruinniú Coiste den Choiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil idir 31 Eanáir agus 31 Nollaig 2007.

Is é seo a leanas an líon cruinnithe de chuid an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil ar ar fhreastail gach comhalta Coiste le linn 2007: An tOllamh Ó Cinnéide (5), An tUasal Brannigan (3), An tUasal Collins (4), An Comh. Costello (2), An tUasal Ganley (5), An tUasal Horan (5), M. Joyce, Uas. (4), J. Maguire, Uas. (5), R. M. Maughan, Uas. (5), An tUasal O'Connor (4), V. Sharkey, Uas. (4), An tUasal Sheehy (3).

Iostáin na Collchoille, Batter Lane, Fine Gall

Achoimre ar Phríomhghníomhaíochtaí

1. Grúpa Oibre ar Chóiríocht Neamhbhuan

Bunaíodh an grúpa oibre seo le linn téarma oifige an dara Coiste chun roghanna de chóiríocht neamhbhuan a mheas – léigh tuarascáil bhliantúil 2006, leathanach 9, Pointe 1, le do thoil, chun an cúlra a fháil. Bunaíodh grúpa nua oibre ar Chóiríocht Neamhbhuan ag an gcéad chruinniú den Choiste nua agus tá sé ag leanúint ar aghaidh leis an obair a bhí idir lámha sa réimse seo ag an ngrúpa oibre a bhí ann roimhe. Tá tuarascáil á dréachtú acu ar an tsaincheist seo, dréacht nach raibh bailchríoch curtha air faoi dheireadh na bliana 2007.

2. Seimineáir Náisiúnta maidir le Feidhmiú na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil

Chinn an dara Coiste, sa bhliain 2005, seimineáir náisiúnta a thionól maidir le feidhmiú na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil – Léigh leathanach 15, Pointe 11 den tuarascáil bhliantúil 2005 chun an cúlra a fháil le do thoil. Lean an Coiste ar aghaidh le cuid den obair ullmhúcháin ag a chruinnithe le linn 2006 ach níorbh fhéidir seimineáir a thionól sula ndeachaigh téarma oifige an dara Coiste in éag.

Luaigh an tríú Coiste an athuair an tábhacht a bhí leis na cruinnithe seo a thionól agus lean sé air le hobair ullmhúcháin maidir leis seo. Táthar ag súil go dtionólfar na seimineáir seo uair éigin le linn 2008 nuair a chuirfear, inter alia, múnlaí den chleachtas is fearr i bhfeidhmiú na gCoistí Comhlairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil faoi bhráid na nÚdarás Áitiúil go léir. Táthar ag súil, de bhrí go mbeidh deireadh leis an gClár um Chóiríocht don Lucht Siúil faoi dheireadh na bliana 2008, go mbeidh na seimineáir seo ina gcabhair i leith forbairt rathúil an tríú Clár Cóiríochta don Lucht Siúil a thosóidh sa bhliain 2009, agus go bhfeabhsóidh siad éifeachtúlacht na gCoistí Comhairleacha Áitiúla um Chóiríocht don Lucht Siúil.

3. Cláir Chóiríochta don Lucht Siúil – Monatóireacht ar Dhul Chun Cinn

Phléigh an Coiste an mhonatóireacht ar an dul chun cinn i soláthar cóiríochta don Lucht Siúil faoin dara Clár Cóiríochta don Lucht Siúil. Ní mór do na hÚdaráis Áitiúla na cúiseanna atá leis an éagsúlacht atá idir na spriocanna a leagadh síos sna Cláir Chóiríochta don Lucht Siúil agus an t-aschur iarbhír a shoiléiriú. Táthar ag súil go dtabharfar faoin tsaincheist seo sa tríú clár cóiríochta ina gceanglófar ar na húdaráis áitiúla táblaí caighdeánacha arna n-eisiúint ag an Roinn a líonadh isteach gach bliain.

Bheartaigh an Coiste go raibh cúiseanna éagsúla ag cuid de na húdaráis áitiúla gan a spriocanna a bheith comhlíonta acu agus leanfaidh siad leis an obair le soiléiriú a fháil ar na baic atá ann cóiríocht a sholáthar agus le réiteach a fháil ar an bhfadhb seo.

4. Ról comhlachtaí deonacha ó thaobh soláthar Cóiríochta don Lucht Siúil

De réir na dtaifead i gcomhaireamh na Samhna 2007 bhí 104 teaghlach ina gcónaí i gcóiríocht a chuir comhlachtaí deonacha ar fáil. Bhreithnigh an Coiste soláthar cóiríochta na gcomhlachtaí deonacha ach dúirt siad agus béim acu air nach scaoilfí na húdaráis áitiúla óna ndualgas i leith na spriocanna a bhí leagtha síos acu ina gcláir chóiríochta mar gheall ar aon ardú ar chóiríocht tríd an bhfoinse seo. Breithníodh roinnt taighde a dhéanamh sa réimse seo le linn téarma an tríú Coiste ach níor tosaíodh air roimh dheireadh na bliana 2007.

5. Soláthar leictreachais chuig láithreáin stad

Phléigh an Coiste plé na deacrachtaí a bhaineann le soláthar leictreachais a thabhairt chuig láithreáin stad. Tá deacrachtaí le soláthar leictreachais ar go leor de na láithreáin, áit a bhfuil an t-infreastruchtúr leictreachais neamhleor agus as dáta agus áit a bhfuil bearnú mídhleathach ag cruthú saincheisteanna sábháilteachta d'áitritheoirí. Cruthaítear deacrachtaí chomh maith mar gheall ar an easpa méadrú aonair ar chuasa ar láithreáin stad ar chuid de na láithreáin stad. Sin le rá nach ionann mar a chaitear le cuid d'áitritheoirí láithreán stad agus mar a chaitear le custaiméirí uile go léir BSL agus nach mbíonn caidreamh díreach acu le BSL. Tá súil ag an gCoiste na saincheisteanna seo a chíoradh le hionadaí BSL le linn 2008 agus go dtiocfaidh deis as sin chun moltaí a dhéanamh maidir leis na deacrachtaí seo.

6. Cóiríocht na nÚdarás Áitiúil don Lucht Siúil sa bhliain 2007

8,099 teaghlach den Lucht Siúil a measadh a bhí sa Stát nuair a rinneadh an comhaireamh bliantúil ar theaghlaigh den Lucht Siúil i mí na Samhna 2007. Ardú 5.3% (ardú 408) ab ea é sin ar an líon teaghlach den sórt a léirigh an comhaireamh a rinneadh sa bhliain 2006 agus is in airde atá an treocht a bhí ann sna blianta roimhe sin ag dul.

Lean an t-ardú a bhí ag teacht (ardú 130 ón mbliain 2006 i leith go 3,175 teaghlach faoi dheireadh 2007) ar an líon teaghlach den Lucht Siúil a bhí i ngnáth-thithíocht údaráis áitiúil agus i dtithíocht dheonach. Cé go bhfuil laghdú an-bheag á fheiceáil i dtéarmaí céatadáin (39.20% de líon iomlán na dteaghlach den Lucht Siúil sa bhliain 2007 in ionad 39.60% sa bhliain 2006) is léir gurb í seo an rogha cóiríochta is coitianta a roghnaítear (Léigh Tábla 1 leathanach 11, thíos le do thoil). I ndiaidh treocht na bliana 2006 ba san earnáil chóiríochta príobháidí ar cíos a bhí an t-ardú ba mhó de réir an taifeadta a rinneadh ar an rogha cóiríochta sa bhliain 2007, ardú eile de 208 go 1,143 teaghlach. Tugadh arduithe níos lú faoi deara i gcatagóirí eile cóiríochta a taifeadadh sa bhliain 2007 cosúil le grúpthithíocht (ardú 35 go

677 teaghlach) agus tithe príobháideacha le cúnamh ó údaráis áitiúla (ardú 11 go 444 teaghlach) agus líon na dteaghlach a mheastar a bheith i gcóiríocht a soláthraíodh as a n-acmhainní féin. (ardú 4 go 489 teaghlach).

Tháinig ardú chomh maith ar an líon teaghlach a taifeadadh a bheith i gcóiríocht roinnte (ardú 46 go 437 teaghlach). Léiríodh gur tháinig ardú chomh maith ar an líon teaghlach a bhfuil cuasa buana, bunúsacha agus neamhbhuana á roinnt eatarthu ar láithreáin stad - ó 191 teaghlach sa bhliain 2006 go 230 sa bhliain 2007 (catagóir (j) & (k), Tábla 1 thíos). Cé go bhfuil cuid de na teaghlaigh cinnte ag roinnt, a fhad is atá a gcóiríocht bhuan féin á tógáil, tá cuid eile ag feitheamh ar leithdháileadh cóiríochta buaine. Bheadh sé ina údar imní dá leanfaí leis an ardú atá ag teacht ar an líon teaghlach atá ag roinnt i ngach cineál cóiríochta de bhrí go bhfuil sé nádúrtha go gcuirfeadh an roinnt brú ar acmhainní atá teoranta cheana féin agus go bhféadfadh na coinníollacha maireachtála a bheith níos measa dá toradh.

Mar a tugadh faoi deara cheana féin (léigh tuarascáil bhliantúil na bliana 2006, leathanach 10, Pointe 5, le do thoil, chun samplaí a fháil) tháinig laghdú ar an líon teaghlach a raibh cónaí orthu ar láithreáin stad gach bliain ón mbliain 2003 i leith. Mhoilligh an ráta íslithe go mór le linn 2007 ach san am céanna léirigh sé laghdú de 11 teaghlach go 601 teaghlach a raibh cónaí orthu ar chuasa ar láithreáin bhuana stad. Cíortar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an laghdú leanúnach seo i dtuarascáil bhliantúil 2006.

Aisíocadh €35 milliún glan le húdaráis áitiúla sa bhliain 2007 i dtaca le caiteachas caipitil ar chóiríocht shonrach don Lucht Siúil.

7. Grúpa Oibre Comhairleach

Cuireadh an grúpa oibre seo ar a bhonna arís faoin gCoiste nua. Tosaíodh ar an obair ar mhúnla comhairleach píolótach a fhorbairt (léigh tuarascáil bhliantúil na bliana 2006, leathanach 11, Pointe 6, le do thoil, chun cúlra a fháil). Rinne an grúpa seo roinnt dul chun cinn ar a thuarascáil agus tá súil acu bailchríoch a chur uirthi seo sa bhliain 2008.

8. Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil

Rinneadh an Comhaireamh Bliantúil ar Theaghlaigh den Lucht Siúil ar an 30 Samhain 2007. Tugtar sonraí an Chomhairimh in Aguisín II. Tugtar achoimre sa tábla thíos (Tábla 1) ar chóiríocht teaghlaigh den Lucht Siúil faoi mar a bhí i ndeireadh na bliana 2007.

Tábla 1
An Líon Teaghlach den Lucht Siúil – Samhain 2007

	An Líon Teaghlach i	2007	% de theaghlaigh
(a)	Gnáth-thithíocht (lena n-áirítear Tithíocht Dheonach)	3,175	39.20%
(b)	Cóiríocht Phríobháideach ar Cíos	1,143	14.11%
(c)	Grúpthithíocht	677	8.36%
(d)	Láithreáin Neamhúdaraithe	594	7.33%
(e)	Cuasa ar Láithreáin bhuana Stad	601	7.42%
(f)	Acmhainní Féin	489	6.04%
(g)	Tithe Príobháideacha le cúnamh ó Údaráis Áitiúla	444	5.48%
(h)	Tithíocht Roinnte (catagóirí a, b, c, f, g)	437	5.40%
(i)	Cuasa le Seirbhísí Bunúsacha / Cuasa ar Láithreáin Neamhbhuana Stad[2]	309	3.82%
(j)	Cuasa Roinnte ar Láithreáin bhuana Stad	154	1.90%
(k)	Cuasa roinnte agus Seirbhísí Bunúsacha orthu/ Cuasa Roinnte ar Láithreáin Neamhbhuana Stad	76	0.94%
	Iomlán	**8,099**	**100%**

[2] Áirítear Cuasa sealadacha agus éigeandála ar láithreáin stad leis na Cuasa a bhfuil Seirbhísí Bunúsacha orthu.

Ó Chlé go Deas: Mary Connors (Fóram Náisiúnta i gcomhair Mná an Lucht Siúil), Rose Marie Maughan (comhalta den Choiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil), Séamus O'Connor (comhalta den Choiste Comhairleach Náisiúnta um Chóiríocht don Lucht Siúil), agus Ger Walsh (Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas) ar cuairt ar láithreán i dTiobraid Árann Theas

Airgeadas

Is í an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a ghlanann costais oibriúcháin an Choiste go hiomlán.

Thabhaigh an Coiste €13,894 de chaiteachas sa bhliain 2007. (Ba €6,962 suim an chaiteachais don bhliain 2006.)

St. Louise's Park, Cnoc an Teampaill, An Charraig Dhubh, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin

Aguisín I
Cóiríocht a cuireadh ar fáil sa bhliain 2007

Láithreáin Stad a Críochnaíodh sa bhliain 2007

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon na gCuas					
		Nua			Athchóirithe/Athdhéanta		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Comhairle Contae Chorcaí (Thair)	Moses Road, Cloch na Coillté				4		
Comhairle Contae Fhine Gall	Saileog			3			
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Deoch Uisce				5		
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	BótharThuama				7		
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Láthair shealadach Cheathrú an Bhrúnaigh			20			
Comhairle Cathrach Luimnigh	Láithreán Stad Chluain an Longaigh	16					
Comhairle Cathrach Luimnigh	Láithreán Stad An Chosáin Fhada			17			
Comhairle Contae Luimnigh	An Díbeart, Cill Mocheallóg	2					
Comhairle Contae Luimnigh	Cluain Draighneach, Bóthar na hInse	14					
Comhairle Contae na Mí	Baile Átha Troim				13		
Comhairle Contae Ros Comáin	Cluain Salach, An Caisleán Riabhach	3			10		
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Páirc an tSeanchaisleáin				2		
Iomláin		**35**	**0**	**40**	**41**	**0**	**0**

Láithreáin Stad á dtógáil an 31 Nollaig 2007

Údarás Áitiúil	Láthair	Líon na gCuas					
		Nua			Athchóirithe/Athdhéanta		
		Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal	Buan	Neamh bhuan	Éigean/ Seal
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Ceathrú an Bhrúnaigh				20		
Comhairle Contae Liatroma	Bruach na Rós				6		
Comhairle Contae Mhuineacháin	Gort an Chaocháin	12			8		
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	An Chiseog	10					
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lána an Loingsigh	9					
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lána an Loingsigh			3			
Comhairle Contae na hIarmhí	Páirc Naomh Micheál	8	5				
Iomláin		**39**	**5**	**3**	**34**	**0**	**0**

Scéimeanna Grúpthithíochta críochnaithe sa bhliain 2007

Údarás Áitiúil	Láthair	Stádas	
		Nua	Athchóirithe/ Athdhéanta
Comhairle Contae Dhún na nGall	Móin Chlaonta, Mainéar Uí Chuinneagáin		1
Comhairle Contae Dhún na nGall	Bóthar an Choillín	2	
Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	St. Louise's Park, An Charraig Dhubh	6	
Comhairle Contae Fhine Gall	Batter Lane	5	
Comhairle Contae Chill Chainnigh	N. Muire, Garraí an Chrainn	3	
Comhairle Cathrach Luimnigh	Chluain an Longaigh	3	
Comhairle Contae na Mí	Corrán Cholmáin		12
Comhairle Contae na Mí	Sruthán na Fuinseoige, An Uaimh		4
Comhairle Contae na Mí	Faiche an Réisc, An Uaimh		1
Comhairle Contae na Mí	Athchóiriú ilghnéitheach		6
Comhairle Contae Uíbh Fhailí	Na Doirí, Raithean		1
Comhairle Contae Ros Comáin	An Tulaigh, An Caisleán Riabhach		1
Comhairle Contae Ros Comáin	Drumacoo		1
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lána Uí Éideáin	8	
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	Céadrach	1	
Co. Baile Thiobraid Árann	An Cheathrú Chlochach Céim 1	2	
Co. Baile Thulach Mhór	Lána na Seansaireachta	4	
Comhairle Cathrach Phort Láirge	Carraig Phiarais	3	
Comhairle Cathrach Phort Láirge	Bóthar an Aerfoirt	3	
Comhairle Contae Loch Garman	Páirc Marconi, Inis Córthaidh	8	
Comhairle Contae Loch Garman	Droichead Carley		1
Comhairle Contae Chill Mhantáin	An Chúil Mhór, Scratarnach		1
Iomláin		**48**	**29**

Scéimeanna Grúpthithíochta á dtógáil an 31 Nollaig 2007

Údarás Áitiúil	Láthair	Stádas	
		Nua	Athchóirithe/ Athdhéanta
Comhairle Contae Dún na nGall	Bóthar an Choillín (2)	2	
Comhairle Contae na Gaillimhe	Baile Dháith, Baile Locha Riach	3	
Comhairle Contae Chill Dara	Ardrew, Baile Átha Í	6	
Comhairle Contae Liatroma	Bruach na Rós	8	
Comhairle Contae Mhaigh Eo	Bóthar an Phortaigh	3	2
Comhairle Contae na Mí	Alexandereid		2
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	An Chiseog	10	
Comhairle Contae Átha Cliath Theas	Lána an Loingsigh	10	
Comhairle Contae Átha Cliath	Lána an Tae	7	
Co. Baile an Teampaill Mhóir	Quarry Road	3	
Co. Baile an Teampaill Mhóir	Ascaill an Léisigh		1
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	Baile an Iúir	1	
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	An Garrán	1	
Co. Baile Thiobraid Árann	An Cheathrú Chlochach Céim 2	2	
Comhairle Contae Loch Garman	Allenwood Drive		1
Iomláin		**56**	**6**

Tithíocht Aon-Uaire ceannaithe sa bhliain 2007

Údarás Áitiúil	Láthair
Comhairle Contae Cheatharlach	Barra an Teampaill, Ard Aitinn
Comhairle Contae Cheatharlach	Knocknatubrid, An Tulach
Comhairle Contae Cheatharlach	Na Labhrais, Bóthar na Tulaí
Comhairle Contae Cheatharlach	Páirc Mhuire, Bóthar Phollaird
Co. Co. An Chláir	Poll an Mhuilinn, Sráid na Cathrach
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Sceilig Ard, Bóthar Áth Cinn
Comhairle Contae Chill Chainnigh	Baile na Coille, Gráig na Manach
Comhairle Contae Chill Chainnigh	Ascaill na Cufróige, An Loch Buí
Comhairle Contae Lú	Sráid Sheáin Uí Chearúill, Baile Átha Fhirdhia
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	Baile an Iúir, Cill Síoláin
Iomláin	**10**

N. Muire, Garraí an Chrainn, Chill Chainnigh

Aguisín II
Comhaireamh Bliantúil de Theaghlaigh

Údarás Áitiúil	Cóiríocht											
	Gnáth-Tithíocht an Údaráis Áitiúil			Grúpthithíocht an Údaráis Áitiúil			Tithe Príobháideacha le cúnamh ó Údaráis Áitiúla			Curtha ar fáil ag Comhlachtaí Deonacha le Cúnamh ó Údaráis Áitiúla		
	1			2			3			4		
	2005	2006	2007	2005	2006	2007	2005	2006	2007	2005	2006	2007
Ceatharlach	37	40	43	12	12	11	7	13	13	2	3	2
An Cabhán	31	26	25	18	23	23	0	0	0	0	0	0
An Clár	36	38	39	30	30	30	30	28	29	3	6	6
Corcaigh (Cathair)	129	133	137	9	9	9	20	20	20	0	0	0
Corcaigh (Contae)	124	113	130	14	16	16	10	11	13	1	2	1
Dún na nGall	97	108	114	11	12	12	1	0	0	7	0	0
BÁC (Cathair)	128	144	177	164	182	154	1	1	1	5	5	5
Dún Laoghaire/Rath.	43	43	31	22	21	27	0	0	0	0	0	0
Fine Gall	70	63	64	34	45	45	0	0	0	1	1	1
Gaillimh (Cathair)	181	183	182	27	26	26	10	10	11	2	2	2
Gaillimh (Contae)	226	242	242	49	49	51	36	43	56	7	6	5
Ciarraí	184	132	117	0	0	0	51	70	40	0	1	1
Cill Dara	32	37	44	6	7	7	0	0	1	0	0	1
Cill Chainnigh	34	38	38	0	5	8	13	12	13	4	4	4
Laois	78	67	72	4	4	4	9	10	11	2	2	3
Liatroim	3	2	3	3	5	8	0	0	1	0	0	0
Luimneach (Cathair)	2	3	4	9	9	9	2	2	3	0	0	0
Luimneach (Contae)	136	158	171	16	16	16	30	30	30	0	0	0
An Longfort	182	207	217	0	0	0	15	16	13	4	4	4
Lú	139	146	156	20	20	20	32	34	40	9	9	10
Maigh Eo	101	116	112	7	7	7	15	16	30	7	8	7
An Mhí	76	59	67	41	29	29	5	0	0	9	15	15
Muineachán	53	52	60	0	0	0	18	18	18	0	2	3
Uíbh Fhailí	68	67	72	0	0	4	23	23	22	6	5	7
Ros Comáin	13	15	16	10	9	17	3	4	4	0	0	0
Sligeach	29	32	22	0	0	0	1	0	0	4	3	3
Áth Cliath Theas	146	158	185	38	43	68	9	9	9	0	0	0
TÁ Thuaidh	86	88	88	9	9	9	4	4	4	0	0	0
TÁ Theas	51	52	48	11	11	12	5	5	5	1	2	3
Port Láirge (Cathair)	95	96	70	0	0	3	0	0	0	5	14	12
Port Láirge (Contae)	10	8	9	0	0	0	1	1	1	0	1	1
An Iarmhí	71	75	86	6	6	6	27	28	29	0	0	0
Loch Garman	115	122	133	26	25	34	22	22	24	7	8	7
Cill Mhantáin	72	78	97	10	12	12	3	3	3	1	1	1
IOMLÁIN	**2,878**	**2,941**	**3,071**	**606**	**642**	**677**	**403**	**433**	**444**	**87**	**104**	**104**

Lucht Siúil sa bhliain 2007

Iomlán									Iomlán		
Láithreáin Stad na nÚdarás Áitiúil			Cóiríocht curtha ar fáil ag Údaráis Áitiúla nó le Cúnamh ó ÚÁ			Ar Láithreáin Neamhúdaraithe			Cóiríocht curtha ar fáil ag ÚÁ nó le Cúnamh ó ÚÁ agus ar Lthreáin Neamhúdaraithe		
5			6			7			8		
2005	2006	2007	2005	2006	2007	2005	2006	2007	2005	2006	2007
7	5	5	65	73	74	5	6	3	70	79	77
0	0	0	49	49	48	1	1	1	50	50	49
29	35	38	128	137	142	6	15	7	134	152	149
59	64	67	217	226	233	7	12	16	224	238	249
19	16	17	168	158	177	33	40	35	201	198	212
17	16	15	133	136	141	1	0	4	134	136	145
147	119	104	445	451	441	72	70	46	517	521	487
29	27	29	94	91	87	12	5	3	106	96	90
113	81	99	218	190	209	43	66	74	261	256	283
39	37	43	259	258	264	0	1	4	259	259	268
20	24	20	338	364	374	45	33	33	383	397	407
28	24	25	263	227	183	6	9	8	269	236	191
29	31	29	67	75	82	20	10	16	87	85	98
17	10	9	68	69	72	13	14	23	81	83	95
17	6	8	110	89	98	6	8	10	116	97	108
27	27	20	33	34	32	0	0	0	33	34	32
44	52	57	57	66	73	1	1	0	58	67	73
31	20	74	213	224	291	43	53	31	256	277	322
10	9	3	211	236	237	5	10	2	216	246	239
16	12	13	216	221	239	3	8	6	219	229	245
11	5	6	141	152	162	28	27	28	169	179	190
47	48	48	178	151	159	0	6	6	178	157	165
7	11	10	78	83	91	8	0	2	86	83	93
37	55	52	134	150	157	23	25	23	157	175	180
27	27	20	53	55	57	5	5	7	58	60	64
38	36	40	72	71	65	20	14	10	92	85	75
188	184	155	381	394	417	15	19	7	396	413	424
19	19	18	118	120	119	28	26	30	146	146	149
16	16	11	84	86	79	18	21	24	102	107	103
14	13	21	114	123	106	8	17	12	122	140	118
14	10	6	25	20	17	7	9	10	32	29	27
31	42	34	135	151	155	0	0	3	135	151	158
23	19	15	193	196	213	72	71	84	265	267	297
33	31	29	119	125	142	35	27	26	154	152	168
1,203	**1,131**	**1,140**	**5,177**	**5,251**	**5,436**	**589**	**629**	**594**	**5,766**	**5,880**	**6,030**

Líon Iomlán Measta de Theaghlaigh Lucht Siúil i ngach Catagóir Cóiríochta sa bhliain 2007

Údarás Áitiúil	Cóiríocht curtha ar fáil ag ÚÁ nó le Cúnamh ó ÚÁ	Ar Láithreáin Neamh-údaraithe	Acmhainní Féin (Measta.)	Phríobh-áideach Ar Cíos (Measta.)	Tithíocht Roinnte	Iomlán
	Ó Lch. 21, Colún 6	Ó Lch. 21, Colún 7	3	4	5	6
Ceatharlach	74	3	12	15	17	121
An Cabhán	48	1	0	10	7	66
An Clár	142	7	4	17	15	185
Corcaigh (Cathair)	233	16	2	25	15	291
Corcaigh (Contae)	177	35	9	39	46	306
Dún na nGall	141	4	0	57	6	208
BÁC (Cathair)	441	46	0	36	32	555
Dún Laogh-Ráth	87	3	0	6	12	108
Fine Gall	209	74	0	69	13	365
Gaillimh (Cathair)	264	4	2	126	34	430
Gaillimh (Contae)	374	33	10	68	17	502
Ciarraí	183	8	6	25	25	247
Cill Dara	82	16	19	16	2	135
Cill Chainnigh	72	23	6	15	6	122
Laois	98	10	2	23	1	134
Liatroim	32	0	0	22	3	57
Luimneach (Cathair)	73	0	0	8	0	81
Luimneach (Contae)	291	31	100	17	41	480
An Longfort	237	2	27	44	10	320
Lú	239	6	33	59	21	358
Maigh Eo	162	28	1	90	9	290
An Mhí	159	6	0	50	6	221
Muineachán	91	2	2	26	12	133
TÁ Thuaidh	119	30	1	14	6	170
Uíbh Fhailí	157	23	5	41	1	227
Ros Comáin	57	7	0	11	1	76
Sligeach	65	10	0	10	6	91
Áth Cliath Theas	417	7	25	55	8	512
TÁ Theas	79	24	7	7	12	129
Port Láirge (Cathair)	106	12	32	37	6	193
Port Láirge (Contae)	17	10	0	1	2	30
An Iarmhí	155	3	75	22	1	256
Loch Garman	213	84	106	54	44	501
Cill Mhantáin	142	26	3	28	0	199
Iomlán	**5,436**	**594**	**489**	**1,143**	**437**	**8,099**

Páirc Marconi, Inis Córthaidh, Loch Garman

Comhaireamh Bliantúil na dTeaghlach-
Mar a bhí an 30 Samhain 2007

Cóiríocht Iomlán curtha ar fáil ag Údarás Áitiúil nó le
Cúnamh ón Údarás Áitiúil agus ar Láithreáin Neamhúdaraithe = 6,030



Láithreáin Stad Údaraithe le seirbhísí - 2007

Líon na dTeaghlach



Ar Láithreáin neamhúdaraithe - 2007

Líon na dTeaghlach



Cóiríocht curtha ar fáil (Líon Teaghlach)